Scéim Bhaile Munna/Fhionnghlaise go Lár na Cathrach

Nuashonrú Tógála Samhain 2026

GRAHAM

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasc Níos Fearr
Your City, Better Connected

Cad atá ag tarlú?

Tá obair imscrúdaithe láithreáin don Scéim BusConnects ó Bhaile Munna/Fhionnghlas go Lár na Cathrach fós ar siúl. Ós rud é go bhfuil imscrúduithe curtha i gcrích anois i roinnt ceantar, tá an tionscadal ag bogadh ar aghaidh anois go dtí céim na tógála.

Chun teacht ar nuashonruithe tógála beo i do cheantar, scan an cód QR chun ár léarscáil idirghníomhach ar líne a oscailt.

www.ballymunfinglasscheme.ie

Tabharfar faoi oibreacha tosaigh ar an **bpointe rochtana isteach ar Bhóthar Fhionnghlaise ó Bhóthar Shéamais Mhic Aonghasa.** Mar chuid de na hoibreacha sin beidh uasghráduithe ar áiseanna do choisithe, feabhsuithe ar bhonneagar trách ta, athdhromchlú, obair duchtála, agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus tógála gaolmhara.

Cathain a thosófar ar na hoibreacha?

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha **Dé Luan, an 30 Samhain 2026 go dtí Dé hAoine, an 18 Nollaig 2026**. Tabharfar an obair sa limistéar sin isteach arís in R1 de 2027. Tá léarscáil den obair atá beartaithe faoi BusConnects sa cheantar seo ar fáil thíos.



Conas a choinneofar rochtain?

Coinneofar rochtain ar thithe agus ar ghnólachtaí i rith na n-oibreacha. Cuirfear cónaitheoirí agus gnólachtaí ar an eolas roimh ré i gcás ina mbeidh gá le hathruithe sealadacha ar rochtain.

Uaireanta Oibre

Is iondúil go ndéanfar an obair idir **7:30am agus 11:00pm**, cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá le roinnt gníomhaíochtaí san oíche agus ag an deireadh seachtaine.

Bearta sealadacha bainistíochta tráchta

Cuirfear bearta bainistíochta tráchta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar na hoibreacha go sábháilte agus go héifeachtúil. Tabharfar na bearta sin isteach i gcéimeanna agus déanfar iad a phleanáil go cúramach chun úsáideoirí bóithre, coisithe agus pearsanra an láithreáin a chosaint, agus an cur isteach ar thrácht a íoslaghdú a oiread agus is féidir. Féach samplaí de na bearta atá liostaithe thíos le do thoil.

- Beidh socruithe sealadacha bainistíochta tráchta agus dúnadh lánaí ag teastáil in áiteanna éagsúla feadh **Bhóthar Fhionnghlaise** chun na príomhoibreacha a éascú.
- **Beidh gá le dúnadh sealadach ar an rampa.** Tarlóidh na dúnta sealadacha san oíche chun an cur isteach a laghdú a oiread agus is féidir.
- Cuirfear bealaí malartacha sealadacha i bhfeidhm le linn céimeanna áirithe.
- Coinneofar rochtain áitiúil agus bealaí amach ar fáil do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí i rith na n-oibreacha.
- Beidh marcanna bóthair agus comharthaíocht i bhfeidhm go sealadach ar feadh na n-oibreacha.
- D'fhéadfaí **stad bus 8042** a athlonnú go sealadach achar gairid in aice láimhe, áit a mbeidh sé fós le feiceáil go héasca óna shuíomh reatha.

Déan Teagmháil Linn

Clodagh McGivern (Graham) ar 0870003734

busconnects@graham.ie

ballymunfinglasscheme@busconnects.ie

Saoglao 1800 303 400

GRAHAM

Ag obair thar ceann

BUS CONNECTS

Do Chathair, Nasc Níos Fearr

Your City, Better Connected